

Aitheantóir Beartais: Beartas Chomhairle Idirchaidrimh na Foirne-na Mac Léinn (SSLC)

Teideal Beartais:	Beartas Chomhairle Idirchaidrimh na Foirne-na Mac Léinn (SSLC)
Cur Síos:	Chun idirphlé agus comhthuisctint a chur chun cinn idir an fhoireann agus na mic léinn maidir le hábhair acadúla, tacaíochtaí mac léinn agus saoráidí.
Údar (Post):	Oifigeach Rannpháirtíochta Mac Léinn
Leagan:	2
Arna Fhaomhadh ag:	Bord Rialaithe AIE
Dáta Faofa an Bheartais:	Eanáir 2019
Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:	Aibreán 2023 (nó mar is gá)

Beartas Chomhairle Idirchaidrimh na Foirne-na Mac Léinn (SSLC)

1 Comhthéacs

- 1.1 Is bealach struchtúrtha cumarsáide í Comhairle Idirchaidrimh na Foirne-na Mac Léinn (SSLC) idir an fhoireann agus na mic léinn a thagann le chéile de ghnáth trí huaire in aghaidh na bliana acadúla.
- 1.2 Is é ról SSLC ná deis a thabhairt don fhoireann agus do mhic léinn dul i dteagmháil le chéile ar bhealach struchtúrtha chun éisteacht leis an duine eile agus chun a áirithiú go bhfuil cumarsáid oscailte á cur chun cinn.
- 1.3 Eagraíonn [Aontas na Mac Léinn](#) (SU) toghchán ionadaithe ranga mac léinn go luath sa bhliain acadúil. Tionóllann an tOifigeach Rannpháirtíochta Mac Léinn cruinnithe idir baill shinsearacha d'fhoireann Institiúid Oideachais Marino (MIE) agus ionadaithe tofa na mac léinn, a thagann le chéile bliain i ndiaidh bliana, clár ar chlár. De ghnáth, bíonn baill foirne na Comhairle comhdhéanta den Cheannaire Cúrsa ábhartha, an Cláraitheoir Cúnta, an Stiúrthóir Socrúcháin Scoile, agus an Déan ábhartha. De ghnáth, freastalaíonn Uachtarán SU agus/nó Leas-Uachtarán, Oifigeach Leasa, agus Oifigeach Oideachais ar chruinnithe iomlána na Comhairle, agus freastalaíonn ionadaithe mac léinn ó gach cohórt ar feadh tréimhsí gairide (thart ar 15 nóiméad an ceann) chun ábhair a bhaineann lena gclár/lena mbliainghrúpa a shainiú agus a phlé.
- 1.4 Aithníonn an Chomhairle seo, atá comhdhéanta de mhic léinn agus de bhaill foirne, go bhfuil tuiscintí agus eispéiris dlisteanacha ag gach ball de phobal na hInstitiúide, cé go bhfuil siad difriúil in amanna. Is mór ag MIE agus [SU](#) MIE éagsúlacht phobal na mac léinn agus tá siad tiomanta chun a áirithiú go mbíonn braistint chómhuintearais orthu san Institiúid. Trí oibriú le chéile chun comhchuspóirí comhaontaithe a bhaint amach, is féidir céimeanna a ghlacadh a chuireann feabhsú chun cinn ar bhealach a oibríonn do gach duine lena mbaineann. Léiríonn an SSLC caidreamh aibí atá bunaithe ar chomh-mheas idir mic léinn agus baill foirne.

2 Cuspóir

- 2.1 Is fóram é an SSLC chun idirphlé agus comhthuiscint a chur chun cinn idir an fhoireann agus na mic léinn maidir le cúrsaí acadúla, tacaíochtaí mac léinn agus saoráidí.
- 2.2 Is í an aidhm atá leis ná eispéireas na mac léinn i MIE a bharrfheabhsú agus feabhas a chur ar thorthaí foghlama agus ar fhorbairt mac léinn, agus ar fheidhmíocht agus ar dhea-cháil na hInstitiúide araon.

3 Tairbhí

- 3.1 Is féidir le mic léinn tuiscint níos fearr a fháil ar phróisis, bheartais agus chinnteoireacht laistigh den Institiúid agus cur go mór leo.
- 3.2 Éiríonn mic léinn níos eolaí ar a ról mar shaoránaigh laistigh den phobal foghlama i MIE, agus faoi na cearta agus na freagrachtaí atá acu.
- 3.3 Soláthraíonn an SSLC aiseolas d'fhoireann MIE ar bhealach dearfach agus pras, rud a ligeann don Institiúid freagairt nuair is gá, agus foghlaim ó eispéireas na mac léinn.
- 3.4 Tacaíonn cumarsáid rialta le hobair agus le staidéar agus méadaíonn sí mothú folláine agus pobail i measc na mac léinn.
- 3.5 Áirithíonn fóraim chórasacha chumarsáide oscailte go bhfuil caidreamh láidir oibre ann idir an fhoireann agus na mic léinn agus cuireann siad ar chumas na hInstitiúide cumarsáid a dhéanamh go soiléir leis na mic léinn, agus ar chumas na mac léinn soiléiriú a lorg nó ábhair a ardú go neamhfhoirmiúil.

4 Raon Feidhme

- 4.1 Is fóram é an SSLC ar féidir ábhair a bhfuil imní frithpháirteach acu do mhic léinn agus don fhoireann a phlé, amhail ábhair féilire agus amchláir, modúil, cúrsaí agus socrúcháin, measúnú, áiseanna agus acmhainní, agus cumarsáid.
- 4.2 I roinnt cásanna d'fhéadfadh cleachtais nó socrúithe athbhreithnithe a bheith mar thoradh ar an bplé agus i gcásanna eile is é an aidhm tuiscint níos fearr a bheith ann ar an gcomhthéacs ina ndéantar cinntí.

4.3 Ní próiseas gearán é an SSLC - féadfaidh mic léinn ábhair a ardú ar bhealach neamhfhoirmiúil agus anaithnid, thar ceann a bpiaraí. Más mian le mac léinn gearán a dhéanamh, déantar an [Beartas um Ghearáin ó Mhic Léinn](#) a agairt.

5 Prionsabail

- 5.1 Tacaíonn cumarsáid inmheánach oscailte le [Plean Straitéiseach](#) na hInstitiúide a chur i bhfeidhm.
- 5.2 Aithnítear mic léinn mar chomhpháirtithe ina gcuid oideachais agus spreagtar iad a bheith ina mbaill ghníomhacha den Institiúid.
- 5.3 Spreagtar mic léinn léargas a thabhairt ar a gcuid eispéireas mar bhaill de phobal MIE, agus iarrtar orthu a gcuid peirspictíochtaí a thabhairt ar bhealach dearfach agus forghníomhach.
- 5.4 Cuireann an SSLC féinmheastóireacht institiúideach chun cinn agus cuireann sé dearbhú cáilíochta agus rannpháirtíocht mac léinn chun cinn.
- 5.5 Aiseolas agus lúb aiseolais: Fáiltíonn MIE roimh aiseolas oscailte pras ó mhic léinn agus spreagann sé an méid sin. Áirithíonn an SSLC go n-éascaítear mic léinn maidir le haiseolas a sholáthar ar bhealach sábháilte agus luachmhar. Beidh cleachtais aiseolais trédhearcach agus dúntar an lúb aiseolais go tráthúil. Ag MIE, déanann mic léinn atá páirteach in [StudentSurvey.ie](#) é seo. Déantar freagraí ar shuirbhé na mac léinn a athbhreithniú agus a anailísiú ag fóraim, lena n-áirítear Boird Cláir, an Chomhairle Acadúil agus Coiste Céimeanna Coláiste Comhlachaithe MIE.¹
- 5.6 Spreagtar ionadaithe mac léinn chun rannchuidiú go hiomlán agus chun gníomhú ar bhealach gairmiúil nuair a bhíonn baint acu leis an SSLC.
- 5.7 Aithníonn an SSLC go bhfuil eispéiris dhifriúla ach ag na mic léinn agus ag an bhfoireann maidir leis an saol ar an gcampas, ach go bhfuil siad chomh bailí lena chéile. Leis an bhfóram seo éascaítear cumarsáid shábháilte oscailte idir an fhoireann agus na mic léinn ar shaincheisteanna a bhaineann lena mbliainghrúpa nó lena gcohort áirithe.

¹Féach [Téarmaí Tagartha na mBord Clár](#), [Téarmaí Tagartha na Comhairle Acadúla](#) agus [Téarmaí Tagartha](#)

Aitheantóir Beartais: Beartas Chomhairle Idirchaidrimh na Foirne-na Mac
Léinn (SSLC)

[Choiste Céimeanna Cleamhnaithe MIE](#)

6 Sainmhíithe

SSLC - is fóram neamhfhoirmiúil é seo ina mbíonn deis ag ionadaithe mac léinn gach bliainghrúpa de gach clár lánaimseartha bualadh le baill shinsearacha foirne. Is é nádúr eispéireas na mac léinn príomhfhócas na gcruinnithe seo.

Ionadaithe Mac Léinn – baill de rang mac léinn a bhí tofa ar an [gComhairle SU](#).

7 Beartas

- 7.1 Tionólfar an SSLC thart ar thrí huaire gach bliain acadúil - i lár mhí Dheireadh Fómhair, lár mhí Feabhra agus lár mhí Aibreáin de ghnáth. De ghnáth bíonn an fhoireann i modh éisteachta, áit a dtugtar an deis do na mic léinn a dtuairimí a chur in iúl, ar bhealach oscailte muiníneach.
- 7.2 Tionólann an tOifigeach Rannpháirtíochta Mac Léinn cruinnithe, ar duine é/í a fheidhmíonn mar rúnaí taifeadta (ag glacadh miontuairiscí) don SSLC.
- 7.3 Lorgaítear míreanna cláir ó bhaill foirne agus ó mhic léinn araon. D'fhéadfadh nithe a ardaíodh i gCuid 4.1 thuas a bheith san áireamh i míreanna den chineál sin. D'fhéadfadh ábhair a thagann as foinsí eile (e.g. [StudentSurvey.ie](#)) a bheith san áireamh ar an gclár.
- 7.4 Cuirfear tús le gach cruinniú le tuarascáil ar ghníomhartha leantacha ó bhí an cruinniú roimhe sin ann.
- 7.5 Bíonn ionadaí mac léinn mar chathaoirleach ar chruinnithe, amhail an tUachtarán SU, a n-ionadaí, nó an tOifigeach Oideachais.
- 7.6 Nuair is féidir cúrsaí a réiteach ag an gcruinniú, déantar é seo agus déantar é a thaifeadadh. Nuair is gá ábhair a dhíriú chuig fóram difriúil, déantar é seo agus áirithíonn an tOifigeach Rannpháirtíochta Mac Léinn go ndéantar obair leantach ar ábhair den sórt sin.
- 7.7 Chomh maith leis na trí chruinniú rialta i rith na bliana, áit a n-ardaítear nithe áirithe, féadfaidh baill foirne nó ionadaithe mac léinn cruinniú urghnách den SSLC a éileamh chun ábhair den sórt sin a phlé.

7.8 Tabharfaidh duine de na hionadaithe mac léinn tuarascáil ar chruinnithe SSLC ag cruinniú na Comhairle Acadúla².

8 Freagracht

Cuireann an tOifigeach Rannpháirtíochta Mac Léinn na nósanna imeachta seo i bhfeidhm in [Oifig an Chláraitheora](#).

9 Doiciméid Ábhartha

- 9.1 [An Beartas um Dhínit agus um Mheas](#)
- 9.2 [Lámhleabhar an Mheasúnaithe](#)
- 9.3 [An Beartas um Thacaíocht Chruatain do Mhic Léinn](#)
- 9.4 [Leithdháileadh Mac Léinn Chun Críocha Socrúcháin Scoile](#)
- 9.5 [An Beartas um Mheantóireacht do Mhic Léinn ar Shocrúcháin Scoile](#)
- 9.6 [An Nós Imeachta um Mhonatóireacht ar Thinreamh](#)
- 9.7 [An Beartas um Chomhréitigh Speisialta don Socrúchán Scoile](#)
- 9.8 [An Cód Cleachtais do Mhic Léinn faoi Mhíchumais](#)
- 9.9 [An Nós Imeachta um Ghearáin ó Mhic Léinn](#)
- 9.10 [Cód Iompair MIE don Fhoireann & do Mhic Léinn maidir le Córais TF a Úsáid](#)
- 9.11 [Tacaíocht do Mhic Léinn Thorracha ag MIE](#)
- 9.12 [Téarmaí Tagartha na mBord Clár](#)
- 9.13 [Téarmaí Tagartha na Comhairle Acadúla](#)
- 9.14 [Téarmaí Tagartha an Choiste um Chéimeanna na gColáistí Cleamhnaithe de chuid MIE](#)

² Féach [Téarmaí Tagartha na Comhairle Acadúla](#)